



**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**

**An Ardteistiméireacht 2017**

**Scéim Mharcála**

**Gaeilge**

**Ardleibhéal**

## **Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Is éard atá sa cháipéisí foilsithe seo ná an scéim chríochnaithe mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

## **Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

# Páipéar I (160 marc)

## Cuid I: Cluastuisceint (60 marc)

---

{	(i)	Tuisceint	= 60 marc	}
{	(ii)	Cumas Gaeilge	- (0-3) marc	}
{	(iii)	Iomlán	=	}

### Cuid A: 18 marc (Eolas)

$$\text{Fógra 1: } 2 \text{ mharc} \times 5 = 10 \text{ marc}$$

$$\text{Fógra 2: } 2 \text{ mharc} \times 4 = 8 \text{ marc}$$

$$10 + 8 = \underline{18 \text{ marc}}$$

### Cuid B: 28 marc (Eolas)

$$\text{Comhrá 1: } 2 \text{ mharc} \times 7 = 14 \text{ mharc}$$

$$\text{Comhrá 2: } 2 \text{ mharc} \times 7 = 14 \text{ mharc}$$

$$14 + 14 = \underline{28 \text{ marc}}$$

### Cuid C: 14 mharc (Eolas)

$$\text{Píosa 1: } 2 \text{ mharc} \times 4 = 8 \text{ marc}$$

$$\text{Píosa 2: } 2 \text{ mharc} \times 3 = 6 \text{ mharc}$$

$$8 + 6 = \underline{14 \text{ mharc}}$$

Bainfeair ó 0 go 3 ar chaighdeán na Gaeilge.

## Triail Chluastuisceana

### Téipscript

#### Cuid A

##### Fógra 1 (Canúint Chonnacht)

Seo fógra ón eagraíocht Foras na Gaeilge. Tá Foras na Gaeilge ag lorg Oifigeach Gaeilge do Chúige Laighean. Beidh oifig ag an duine a cheapfar i mBaile Átha Cliath, ach beidh sé ag obair le grúpaí pobail ar fud Chúige Laighean. Beidh dualgas ar an oifigeach Gaeilge imeachtaí a eagrú a chuirfidh an Ghaeilge chun cinn. Ar na cáilíochtaí atá riachtanach don phost seo, tá Gaeilge líofa, teastas sa bhainistíocht agus scileanna maithe cumarsáide. Is é an tuarastal ná €30,000 sa bhliain. Tá gach eolas faoin bpost seo le fáil ag [www.gaeilge.ie](http://www.gaeilge.ie). Is é an ceathrú lá de Bhealtaine an dáta deireanach le haghaidh iarratas.

##### Fógra 2 (Canúint na Mumhan)

Seo fógra ó na múinteoirí corpoideachais sna scoileanna dara leibhéal i dTrá Lí. Beidh lá eolais do scoláirí na hArdteistiméireachta ar siúl i halla na pobalscoile Dé Sathairn seo chugainn. Is é ***Bí gníomhach, bí sláintiúil*** téama an lae seo. Tosóidh na himeachtaí ar leathuair tar éis a naoi. Is í Máire Treasa Ní Dhubhghaill, láithreoir ar TG4, a chuirfidh tús leis an lá eolais. Beidh na múinteoirí corpoideachais ag caint ar maidin faoi nósanna sláintiúla itheacháin agus faoin tábhacht a bhaineann leis an aclaíocht. Tabhair leat do bhróga reatha mar beidh tú ag glacadh páirte in imeachtaí aclaíochta tráthnóna. €5 an costas a bheidh ar an lá. Má tá fonn ort clárú don lá eolais seo, seol ríomhphost chuig [oifig@pobalscoil.ie](mailto:oifig@pobalscoil.ie). Bígí linn.

#### Cuid B

##### Comhrá 1 (Canúint Uladh)

###### An Chéad Mhír

**Máthair Sheáin:** Fáilte abhaile ón scoil, a Sheáin. Tá cuma shásta ort.

**Seán:** Tá an ceart agat, a Mhaim, tá mé an-sásta. Bhí an scrúdú Tíreolaíochta go breá ar maidin agus níl mórán obair bhaile le déanamh agam anocht.

**Máthair Sheáin:** Ó go maith. Tháinig fear an phoist ar maidin. Tá bille teileafóin duit thall ansin ar an tábla.

**Seán:** Ó sea...Ó in ainm Dé, tá an bille seo an-ard - €60 don mhí. Tá rud éigin cearr anseo; níor chaith mé an méid sin.

**Máthair Sheáin:** A Sheáin, ní dhéanann na comhlachtaí teileafóin botúin sna billí. Is agatsa atá an fhadhb a déarfainn.

**Seán:** Tá plean míosúil agam leis an chomhlacht sin, €30 sa mhí ar gach rud.

**Máthair Sheáin:** Bhuel a Sheáin, tá míniú simplí ar an fhadhb seo atá agat: Níor chloígh tú leis an phlean.

**Seán:** Caithfidh mé an bille seo a scrúdú go mion.

**Máthair Sheáin:** Tabhair dom é ar dtús, a Sheáin.

**Seán:** Seo duit.

## **An Dara Mír**

**Máthair Sheáin:** Bhuel, a Sheáin, feicim rud amháin láithreach ar an bhille; caitheann tú an iomarca ama ar na meáin shóisialta.

**Seán:** Ach a Mham, is breá liom coinneáil suas leis na scéalta ar na meáin shóisialta, ar Facebook agus mar sin de. Tá sé sin faiseanta i measc na ndaoine óga.

**Máthair Sheáin:** Is gléas iontach é an fón cinnte, a Sheáin, ach é a úsáid i gceart. Bíonn costas ard air má bhíonn tú míchúramach.

**Seán:** Ní raibh bille mór mar seo agam riamh roimhe seo.

**Máthair Sheáin:** Ó, in ainm Dé, ní thuigim an t-aos óg. Tá fírinne sa seanfhocal “ní thagann ciall roimh aois”. Caithfidh tú a bheith ciallmhar, a Sheáin. Seiceáil Facebook agus na meáin shóisialta eile san áit a bhfuil ceangal Wi-Fi ar fáil nó fan go mbeidh tú sa bhaile.

**Seán:** Déanfaidh mé sin feasta. Ach tá mé i bponc i láthair na huaire. Níl go leor airgid agam chun an bille seo a íoc. An dtabharfaidh tú €30 ar iasacht dom?

**Máthair Sheáin:** Tabharfaidh mé an €30 duit an uair seo. Ach caithfidh tú ceacht a fhoghlaim ón rud seo ar fad.

**Seán:** Tá mo cheacht foghlamtha agam. Ní tharlóidh sé seo arís. Geallaim duit.

## **Comhrá 2 (Canúint na Mumhan)**

### **An Chéad Mhír**

**Oisín:** Haigh, a Áine. Conas atá tú?

**Áine:** Táim an-mhaith, a Oisín. Chaith mé an samhradh ar fad sa Bhruiséil.

**Oisín:** Sa Bhruiséil?

**Áine:** Sea. Bhí mé ag fanacht le mo dheirfiúr. Tá sí ag obair leis an Aontas Eorpach ansin.

**Oisín:** Cén obair a dhéanann do dheirfiúr?

**Áine:** Is aistriitheoir í. Bíonn sí ag aistriú cáipéisí dlí go Gaeilge.

- Oisín:** Níor mhaith liom dul go dtí an Bhruiséil na laethanta seo. Níl an chathair sin sábháilte in aon chor. Tharla ionsaithe sceimhlitheoireachta ansin tamall ó shin, agus phléasc buamaí ann freisin.
- Áine:** Is fíor sin, a Oisín, ach bhí gach rud ciúin fad a bhí mise ann.
- Oisín:** An dóigh leat go bhfanfaidh do dheirfiúr sa Bhruiséil?
- Áine:** Fanfaidh, cinnte. Tá post buan aici ann agus chomh maith leis sin, ní chosnaíonn an eitilt abhaile go hÉirinn mórán.
- Oisín:** Fanfaidh sí sa Bhruiséil mar sin.

### **An Dara Mír**

- Áine:** Conas a bhí an samhradh agat féin, a Oisín?
- Oisín:** Bhuel, níor thosaigh sé amach ró-iontach. Theastaigh post samhraidh uaim. Chuardaigh mé post i ngach óstán ar an mbaile seo. Theip orm aon phost a fháil agus bhí díomá orm faoi sin.
- Áine:** Is trua sin. Deir na polaiteoirí go bhfuil feabhas ar an ngeilleagar ach níl sé le feiceáil sa bhaile seo go fóill. Conas a chaith tú an samhradh mar sin?
- Oisín:** Bhí campa iománaíochta ar siúl sa chlub áitiúil. Mhúin mé scileanna iománaíochta do bhuachaillí agus do chailíní bunscoile ar an gcampa sin. Níor thuill mé aon airgead as.
- Áine:** Ach ar bhain tú taitneamh as?
- Oisín:** Bhain, cinnte. Agus rud eile de, ba mhaith liom a bheith i mo mhúinteoir bunscoile tar éis na hArdteistiméireachta agus cabhróidh an taithí sin liom.
- Áine:** Maith thú, a Oisín. Bhí gach rud go breá ar deireadh.

## **Cuid C**

### **Píosa 1 (Canúint Chonnacht)**

Bunaíodh an compántas drámaíochta Fíbín sa bhliain 2003. Is é an aidhm atá acu drámaí Gaeilge a chur ar an stáitse ar bhealach taitneamhach. Tá oifigí ag an gcompántas in Indreabhán, Co. na Gaillimhe. Tá ag éirí go maith leis an gcompántas drámaíochta Fíbín mar tá a gcuid léirithe feicthe ag na mílte duine in Éirinn agus thar lear. Baineann Fíbín úsáid as go leor teicnící drámaíochta ina gcuid léirithe - puipéid, ceol, maisc agus fuaimanna. Beidh léiriú nua acu go luath. Tá dátaí agus ionaid an léirithe nua seo, chomh maith le praghas na dticéad, le fáil ar shuíomh idirlín an chompántais.

## Píosa 2 (Canúint Uladh)

I mí Lúnasa seo caite, d'éirigh an t-imreoir sacair, Robbie Keane, as a bheith ag imirt ar fhoireann idirnáisiúnta na hÉireann. Rugadh Robbie Keane i mBaile Átha Cliath sa bhliain 1980 agus chuaigh sé go Sasana ag imirt sacair nuair a bhí sé cúig bliana déag d'aois. D'imir sé le clubanna éagsúla i Sasana, in Albain, san Iodáil agus i Meiriceá. Chaith Robbie ocht mbliana déag ag imirt ar fhoireann idirnáisiúnta na hÉireann. Tá go leor gaiscí déanta aige mar imreoir ach is é an gaisce is mó a rinne sé ná gur imir sé 146 cluiche ar son na hÉireann, níos mó ná mar a d'imir aon pheileadóir eile. Tá sé ráite ag Robbie gur mhaith leis a bheith ina chóitseálaí amach anseo.

### CUID A (18 marc)

#### FÓGRA A hAON (10 marc)

1. (a) Cad atá á lorg ag Foras na Gaeilge do Chúige Laighean? **2 marc**  
Oifigeach Gaeilge = 2 marc  
Oifigeach = 1 marc
- (b) Cén dualgas a bheidh ar an duine a cheapfar? **2 marc**  
Imeachtaí a eagrú a chuirfidh an Ghaeilge chun cinn = 2 marc  
Imeachtaí a eagrú = 1 marc  
An Ghaeilge a chur chun cinn = 1 marc
2. Scríobh síos **dhá** cháilíocht nár mhór a bheith ag an duine a cheapfar. **2 marc + 2 marc**  
Gaeilge líofa = 2 marc  
Gaeilge = 1 marc  
Teastas sa bhainistíocht = 2 marc  
Teastas = 1 marc  
Scileanna maithe cumarsáide = 2 marc  
Scileanna cumarsáide = 1 marc

3. Cad é an dáta deireanach le haghaidh iarratas? **2 marc**  
4 Bealtaine = 2 marc  
4/5 = 2 marc

#### FÓGRA A DÓ (8 marc)

1. (a) Beidh lá eolais do scoláirí na hArdteistiméireachta ar siúl Dé Sathairn seo chugainn. Scríobh síos téama an lae seo. **2 marc**  
Bí gníomhach, bí sláintiúil = 2 marc  
Bí gníomhach = 1 marc  
Bí sláintiúil = 1 marc

(b) Luaigh pointe **amháin** eolais faoi Mháire Treasa Ní Dhubhghaill. **2 mharc**

Is láithreoir ar TG4 í = 2 mharc

Láithreoir ar TG4 = 2 mharc

Cuirfidh sí tús leis an lá eolais = 2 mharc

Oibríonn sí ar TG4 = 1 mharc

Bíonn sí ar TG4 = 1 mharc

Láithreoir = 1 mharc

2. Scríobh síos ceann **amháin** de na hábhair chainte a bheidh ag na múinteoirí corpoideachais. **2 mharc**

Nósanna sláintiúla iteacháin = 2 mharc

Nósanna iteacháin = 1 mharc

Nósanna sláintiúla = 1 mharc

An tábhacht a bhaineann leis an aclaíocht = 2 mharc

Tábhacht na haclaíochta = 2 mharc

An aclaíocht = 1 mharc

3. Conas is féidir clárú don lá eolais seo? **2 mharc**

Seol ríomhphost chuig oifig@pobalscoil.ie = 2 mharc

oifig@pobalscoil.ie = 2 mharc

R-phost chuig oifig@pobalscoil.ie = 2 mharc

Seol ríomhphost / r-phost = 1 mharc

### **CUID B (28 marc)**

#### **COMHRÁ A hAON (14 mharc)**

##### ***An Chéad Mhír***

1. Luaigh **dhá** chúis a bhfuil Seán an-sásta. **2 mharc + 2 mharc**

Bhí an scrúdú Tíreolaíochta go breá (ar maidin) = 2 mharc

Níl mórán (a lán) obair bhaile le déanamh aige (anocht) = 2 mharc

2. Cad a deir máthair Sheáin faoi na comhlachtaí teileafóin? **2 mharc**

Ní dhéanann siad botúin sna billí = 2 mharc

Ní dhéanann siad botúin = 1 mharc

3. Cén míniú simplí atá ag máthair Sheáin ar an bhfadhb atá aige? **2 mharc**

Níor chloígh sé leis an bplean = 2 mharc



## *An Dara Mír*

1. Cad is breá le Seán a dhéanamh? **2 mharc**
- (Is breá leis) coinneáil suas leis na scéalta ar na meáin shóisialta = 2 mharc  
(Is breá leis) coinneáil suas leis na scéalta ar Facebook agus mar sin de = 2 mharc  
(Is breá leis) coinneáil suas leis na meáin shóisialta = 1 mharc  
(Is breá leis) coinneáil suas leis na scéalta ar Facebook = 1 mharc  
Ag úsáid na meán sóisialta = 1 mharc  
Ag coinneáil suas le Facebook = 1 mharc
2. Cén seanfhocal atá fíor, dar le máthair Sheáin? **2 mharc**
- Ní thagann ciall roimh aois = 2 mharc
3. Cad atá á iarraidh ag Seán ar a mháthair? **2 mharc**
- €30 ar iasacht = 2 mharc  
Tríocha euro ar iasacht = 2 mharc  
Iasacht €30 = 2 mharc  
Iasacht tríocha euro = 2 mharc  
€30 = 1 mharc  
Tríocha euro = 1 mharc  
Iasacht = 1 mharc

## COMHRÁ A DÓ (14 mharc)

### *An Chéad Mhír*

1. (a) Cé leis a bhfuil deirfiúr Áine ag obair sa Bhruiséil? **2 mharc**
- An tAontas Eorpach = 2 mharc  
AE = 2 mharc
- (b) Luaigh pointe **amháin** eolais faoin obair a dhéanann deirfiúr Áine. **2 mharc**
- Is aistritheoir í = 2 mharc  
Bíonn sí ag aistriú cáipéisí dlí go Gaeilge = 2 mharc  
Bíonn sí ag aistriú cáipéisí dlí = 2 mharc  
Bíonn sí ag aistriú cáipéisí go Gaeilge = 2 mharc
2. Luaigh cúis **amháin** nach cathair shábháilte í an Bhruiséil, dar le hOisín. **2 mharc**
- Tharla ionsaithe sceimhlitheoireachta ann = 2 mharc  
Phléasc buamaí ann = 2 mharc  
Tharla ionsaí sceimhlitheoireachta = 1 mharc  
Phléasc buama ann = 1 mharc  
Tharla sceimhlitheoireacht ann = 1 mharc

3. Scríobh síos cúis **amháin** a bhfanfaidh a deirfiúr sa Bhruiséil, dar le hÁine. **2 mharc**

Tá post buan aici ann = 2 mharc

Tá post aici ann = 1 mharc

Ní chosnaíonn an eitilt abhaile go hÉirinn mórán = 2 mharc

### *An Dara Mír*

1. Cén fáth a raibh díomá ar Oisín i dtús an tsamhraidh? **2 mharc**

Theip air post (samhraidh) a fháil = 2 mharc

Theip air post a fháil in óstán ar an mbaile = 2 mharc

Ní bhfuair sé post (samhraidh) = 2 mharc

Níor éirigh leis post (samhraidh) a fháil = 2 mharc

2. Cad a bhíonn á rá ag na polaiteoirí, dar le hÁine? **2 mharc**

Go bhfuil feabhas ar an ngeilleagar = 2 mharc

3. Cad ba mhaith le hOisín a dhéanamh tar éis na hArdteistiméireachta? **2 mharc**

A bheith ina mhúinteoir bunscoile = 2 mharc

Múinteoir bunscoile = 2 mharc

Múinteoir = 1 mharc

### **CUID C (14 mharc)**

#### **PÍOSA A hAON (8 marc)**

1. (a) Cén aidhm atá ag an gcompántas drámaíochta, Fíbín? **2 mharc**

Drámaí Gaeilge a chur ar an stáitse ar bhealach taitneamhach = 2 mharc

Drámaí Gaeilge a chur ar an stáitse = 2 mharc

- (b) Cá bhfuil oifigí ag an gcompántas drámaíochta, Fíbín? **2 mharc**

Indreabhán, Co. na Gaillimhe = 2 mharc

Indreabhán = 2 mharc

Co. na Gaillimhe = 1 mharc

Gaillimh = 1 mharc

2. Cá bhfios dúinn go bhfuil ag éirí go maith leis an gcompántas drámaíochta, Fíbín? **2 mharc**

Tá a gcuid léirithe feicthe ag na mílte duine in Éirinn agus thar lear = 2 mharc

Tá a gcuid léirithe feicthe ag na mílte duine in Éirinn = 1 mharc

Tá a gcuid léirithe feicthe ag na mílte duine thar lear = 1 mharc

3. Luaigh rud **amháin** atá le fáil ar shuíomh idirlín an chompántais. **2 mharc**
- Dátaí agus ionaid an léirithe nua = 2 mharc  
 Dátaí an léirithe nua = 2 mharc  
 Ionaid an léirithe nua = 2 mharc  
 Praghas na dticéad = 2 mharc

**PÍOSA A DÓ (6 mharc)**

1. Cad a rinne Robbie Keane nuair a bhí sé cúig bliana déag d'aois? **2 mharc**
- Chuaigh sé go Sasana ag imirt sacair = 2 mharc  
 Chuaigh sé go Sasana = 1 mharc
2. Scríobh síos an gaisce is mó a rinne Robbie agus é ag imirt ar fhoireann idirnáisiúnta na hÉireann. **2 mharc**
- D'imir sé 146 cluiche ar son na hÉireann, níos mó ná mar a d'imir aon pheileadóir eile = 2 mharc  
 D'imir sé 146 cluiche ar son na hÉireann = 2 mharc  
 D'imir sé níos mó cluichí ar son na hÉireann ná aon imreoir eile = 2 mharc
3. Cad ba mhaith le Robbie Keane a dhéanamh amach anseo? **2 mharc**
- A bheith ina chóitseálaí = 2 mharc  
 Cóitseálaí = 2 mharc  
 A bheith ag cóitseáil = 2 mharc

Léirigh na marcanna mar seo ar chlúdach na Cluastuisceana:

<b><i>Don Scrúdaitheoir</i></b>	
<b>Cuid I: Cluastuisceant</b>	
<b>Na hIomláin</b>	
<b>Cuid A, Fógra 1</b>	<b>10 marc</b>
<b>Cuid A, Fógra 2</b>	<b>8 marc</b>
<b>Cuid B, Comhrá 1</b>	<b>14 mharc</b>
<b>Cuid B, Comhrá 2</b>	<b>14 mharc</b>
<b>Cuid C, Píosa 1</b>	<b>8 marc</b>
<b>Cuid C, Píosa 2</b>	<b>6 mharc</b>
<b>Iomlán</b>	<b>60 marc</b>

<b>Eolas (60 marc)</b>	
<b>Gaeilge - (0-3)</b>	
<b>Móriomlán</b>	

3 Roinn ar an bpáipéar scrúdaithe

- A. Aiste nó Alt Nuachtáin / Irise
- B. Scéal
- C. Díospóireacht / Óráid

**An Mharcáil:**

**Iarracht iomlán** = 500 – 600 focal (an treoir ar an bpáipéar scrúdaithe), an t-ábhar ad rem agus bunaithe ar an teideal a roghnaíonn an t-iarrthóir.

Stíl chuí scríbhneoireachta = **5** marc

Ionramháil Ábhair = **15** marc

Cumas Gaeilge = **80** marc

**3 chéim sa mharcáil:**

Cé go bhfuil trí roinn (Stíl, Ionramháil Ábhair agus Cumas Gaeilge) i gceist, moltar measúnú a dhéanamh ar iarracht an iarrthóra **mar aonad**.

An Measúnú	An iarracht a mheas mar aonad - Cad is fiú an iarracht cheapadóireachta ó thaobh catagóire de?
An Aicme sa chatagóir	Socraigh an aicme cheart sa chatagóir: ard / meánach / íseal
An Marc	Roghnaigh an marc cuí a fhreagraíonn don aicme sin.

Caithfidh an Scrúdaitheoir an marc a bhronntar as 5 (Stíl), an marc a bhronntar as 15 (Ábhar) agus an marc a bhronntar as 80 (Gaeilge) a thaispeáint go soiléir ag bun na hiarrachta cheapadóireachta.

- Stíl (5) = \_\_\_\_\_
- Ábhar (15) = \_\_\_\_\_
- Gaeilge (80) = \_\_\_\_\_
- CII (100) = \_\_\_\_\_

## Gnéithe a bhaineann leis an marcáil

### Stíl chuí scríbhneoireachta (5 mharc):

Stíl (5 mharc) = 5 mharc sa chás go bhfuil an stíl chuí scríbhneoireachta in úsáid - má roghnaítear B (a), ní mór don iarrthóir **Scéal** a scríobh agus ní cheadaítear **Aiste** nó **Díospóireacht** srl. Sa chás go scríobhtar **Aiste** srl. agus teideal an scéil leis, an marc cuí ná Stíl (5) = 0.

Smaoinigh nach mbaineann an marc ar Stíl le caighdeán nó le cáilíocht na hiarrachta. Déantar é seo a mheas faoi Ábhar (15 mharc).

### Ionramháil Ábhair (15 mharc):

Tuairimí, smaointe, insint, eachtraí, imeachtaí, eolas, faisnéis a bhaineann le hábhar theideal na ceapadóireachta.

Aicme	Marc
Ionramháil shármhaith (smaointe fairsinge, samhlaíocht neamhghnách)	13, 14, 15
Ionramháil an-mhaith	11, 12
Ionramháil mhaith	9, 10
Ionramháil mheasartha	6, 7, 8
Ionramháil lag / bhearnach	3, 4, 5
Ionramháil an-lag (easnamhach)	0, 1, 2

Ba cheart an ionramháil ábhair a mheas agus tagairt á déanamh do Chumas na Gaeilge. Ó tharla gurb í an teanga an chóir iompair atá ag na smaointe, bíonn coibhneas i gcónaí idir an Cumas Gaeilge agus Ionramháil an Ábhair. Má bhíonn an chóir iompair lag ní féidir na smaointe a chur i láthair go héifeachtach. Bíonn sé deacair na smaointe a aimsiú má bhíonn an Ghaeilge lag nó bearnach. Is í an mháistreacht ar an teanga leis na smaointe a ionramháil an ghné den scríbhneoireacht is tábhachtaí agus an cheapadóireacht á marcáil.

## Cumas Gaeilge (80 marc)

- (i) Fairsinge agus Saibhreas Stór Gaeilge an iarrthóra
- agus**
- (ii) Beachtas maidir le máistreacht na cruinnúsáide ar na príomhghnéithe (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) de cheart na Gaeilge.

Dhá ghné i gceist sa Chumas Gaeilge:

Stór Gaeilge agus dul na teanga	Beachtas / Cruinneas na Gaeilge
<ul style="list-style-type: none"><li>• Máistreacht an iarrthóra ar an teanga chun na smaointe a ionramháil</li><li>• Cumas an iarrthóra chun a smaointe faoin ábhar a scríobh síos go tuisceanach soiléir, gan bunrialacha na teanga a shárú</li><li>• Fairsingeacht agus saibhreas an fhoclóra</li><li>• An Chomhréir - struchtúir na n-abairtí</li></ul>	<p>Caighdeán an iarrthóra i gcrúinnláimhseáil ghramadach na Gaeilge:</p> <ul style="list-style-type: none"><li>• Aimsirí na mbriathra</li><li>• Litriú</li><li>• Séimhiú</li><li>• Urú</li><li>• An Chlaoninsint</li><li>• Réamhfhocail</li><li>• Díochlaontaí na n-ainmfhocail</li></ul>

Tá sé fíorthábhachtach idirdhealú a dhéanamh idir mórbhotúin chomhréire agus mionbhotúin ghramadaí agus litrithe.

Cuimhnigh ar an treoir atá ar an scrúdpháipéar:

*Ní mór ceangal cinnte leanúnach a bheith ann idir an teideal a roghnaítear agus an t-ábhar a scríobhtar.*

Sa chás go scríobhtar ábhar seachtrach nach bhfuil **ad rem** cuirfear as an áireamh an t-ábhar sin. D'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar an gcinneadh sin nach sásóidh an iarracht cheapadóireachta na riachtanais ó thaobh fad de, agus dá thoradh sin, go ngearrfar pionós pro-rata ar an ábhar agus ar an nGaeilge.

Nuair nach bhfuil an iarracht ar fad **ad rem**, cuir lúibín cearnach ag tús an pháosa / an ailt nach bhfuil **ad rem** agus lúibín cearnach eile ag deireadh an pháosa / an ailt sin agus scríobh “**níl sé seo ad rem**” sa cholún ar dheis.

**CAIGHDEÁN NA GAEILGE SA SCRIPT**: Tá sé an-tábhachtach an aicme ó thaobh chumas Ghaeilge an iarrthóra sa cheapadóireacht a choimeád i d'aighe agus tú ag déanamh breithiúnais ar Ghaeilge an iarrthóra sa Chluastuiscint agus sna freagraí ar Pháipéar II - go hiondúil, bíonn coibhneas idir na marcanna.

	<b>Catagóir</b>	<b>Aicme</b>	<b>Raon marcanna</b>
<b>1. Stór Gaeilge</b> <b>2. Beachtas / Cruinneas na Gaeilge</b>			
<ul style="list-style-type: none"> <li>Fairsingeacht agus Saibhreas atá sármhaith</li> <li>Cruinneas sármhaith (den chuid is mó)</li> </ul>	<b>Sármhaith</b>	Ard	76-80 marc
		Meánach	72-75 marc
		Íseal	68-71 marc
<ul style="list-style-type: none"> <li>Fairsingeacht agus Saibhreas atá an-mhaith</li> <li>Cruinneas an-mhaith (den chuid is mó)</li> </ul>	<b>An-mhaith</b>	Ard	64-67 marc
		Meánach	60-63 marc
		Íseal	56-59 marc
<ul style="list-style-type: none"> <li>Fairsingeacht agus Saibhreas atá maith</li> <li>Cruinneas maith (den chuid is mó)</li> </ul>	<b>Maith</b>	Ard	52-55 marc
		Meánach	48-51 marc
		Íseal	44-47 marc
<ul style="list-style-type: none"> <li>Fairsingeacht agus Saibhreas atá measartha</li> <li>Cruinneas measartha (den chuid is mó)</li> </ul>	<b>Measartha</b>	Ard	40-43 marc
		Meánach	36-39 marc
		Íseal	32-35 marc
<ul style="list-style-type: none"> <li>Fairsingeacht agus Saibhreas atá lag</li> <li>Cruinneas lag (den chuid is mó)</li> </ul>	<b>Lag</b>	Ard	28-31 marc
		Meánach	24-27 marc
		Íseal	20-23 marc
<ul style="list-style-type: none"> <li>Fairsingeacht agus Saibhreas atá an-lag</li> <li>Cruinneas an-lag (den chuid is mó)</li> </ul>	<b>An-lag</b>	Ard	16-19 marc
		Meánach	12-15 marc
		Íseal	8-11 marc
		An-íseal	0-7 marc

## Páipéar II (200 marc)

### Ceist 1 LÉAMHTHUISCINT (100 marc)

Treoracha do mharcáil na léamhthuisceana

LÉAMHTHUISCINT: A agus B

Tá Ceist 1 – 5 ar cómharc, 7 marc ar gach ceann.

Tá trí mharc ag gabháil le cuid (a).

Tá **dhá** chuid i gceist (b): (i) agus (ii) agus **dhá** mharc ar (b) (i) agus **dhá** mharc ar (b) (ii).

Glacfar le freagraí i bhfocail an iarrthóra nó i bhfocail an tsleachta, de réir mar a éilíonn an cheist.

Maidir le 6 (a) sa dá Léamhthuisceant tá **trí** mharc ag gabháil leis an gceist seo: tabharfar **dhá** mharc ar an gcéad mhír ghramadaí atá ceart agus marc **amháin** ar an gceann eile.

Tá **12** mharc ag gabháil le Ceist 6 (b) sa dá chás. Ní mór d'iarrthóirí Ceist 6 (b) a fhreagairt **ina bhfocail féin**. Tá eolas breise faoi Cheist 6 (b) le fáil sna nótaí thíos ar an dá Léamhthuisceant.

Cuir an marc iomlán do gach focheist sa cholún ar dheis sa fhreagarleabhar.



## LÉAMHTHUISCINT A (50 marc)

### TG4 – Fiche Bliain ag Fás

1. (a) Cén fáth a raibh bunú Theilifís na Gaeilge ina chéim mhór chun cinn don Ghaeilge? Tabhair **dhá** phointe eolais. (Alt 1) (2 phointe eolais) {3 mharc: 2 mharc + 1 mharc}

An chéad phointe eolais atá ceart = 2 mharc; an dara pointe eolais atá ceart = 1 mharc

- Den chéad uair riamh, bhí seirbhís iomlán teilifíse ar fáil sa Ghaeilge do phobal na Gaeltachta
- Den chéad uair riamh, bhí seirbhís iomlán teilifíse ar fáil sa Ghaeilge do lucht labhartha na Gaeilge
- Thug an tseirbhís nua seo deis do phobal na Gaeilge a gcuid scéalta féin a insint ina dteanga dhúchais féin
- Thug an tseirbhís nua seo deis do phobal na Gaeilge siamsaíocht teilifíse a bheith acu ina dteanga dhúchais féin

- (b) (i) Scríobh síos **dhá** cheann de na hábhair chomhrá a bhí ag na haíonna ar an gclár speisialta. (Alt 1) (**dhá** cheann) {1 mharc + 1 mharc = 2 mharc}

- Bunú an stáisiúin
- An tábhacht atá leis an stáisiún
- A bhfuil i ndán don stáisiún sa todhchaí

- (ii) Conas a samhlaíodh obair TG4 ar an gclár speisialta? (Alt 1) (pointe **amháin** eolais) {2 mharc}

- Bhí obair TG4 á samhlú le lóchrann nó le crann solais ag craobhscaoileadh an chultúir Ghaelaigh beo beathach ar fud an domhain = 2 mharc
- Bhí obair TG4 á samhlú le lóchrann nó le crann solais = 1 mharc

2. (a) Tabhair **dhá** chúis ar éirigh pobal na Gaeilge míshásta leis an tseirbhís Ghaeilge a bhí ar fáil ar Theilifís Éireann. (Alt 2) (2 chúis) {3 mharc: 2 mharc + 1 mharc}

An chéad chúis atá ceart = 2 mharc; an dara cúis atá ceart = 1 mharc

- Níor craoladh riamh ach líon beag clár Gaeilge
- Craoladh na cláir Ghaeilge ag amanna nach raibh oiriúnach
- Ba mhínic a cháin an lucht féachana caighdeán na gclár Gaeilge

- (b) (i) Cén tuiscint nua a bhí ag teacht chun cinn ó dheireadh na seascaidí ar aghaidh? (Alt 2) (pointe **amháin** eolais) {2 mharc}

- Bhí tuiscint nua ag teacht chun cinn ó dheireadh na seascaidí ar aghaidh ar thábhacht na mionteangacha agus ar chearta teanga na mionlach = 2 mharc

(ii) Conas a chabhraigh an tseirbhís nua teilifíse S4C le stádas na Breatnaise? (Alt 2)  
(pointe **amháin** eolais) {2 mharc}

- Chuir an tseirbhís nua teilifíse an Bhreatnais i gceartlár an tsaoil chomhaimseartha  
= 2 mharc

3. (a) Tabhair **dhá** phointe eolais faoin mbaint lárnach a bhí ag Micheál D. Ó hUiginn le bunú an stáisiúin. (Alt 3)  
(2 phointe eolais) {3 mharc: 2 mharc + 1 mharc}

An chéad phointe eolais atá ceart = 2 mharc; an dara phointe eolais atá ceart = 1 mharc

- Bhí sé ina Aire Ealaíon, Cultúir agus Gaeltachta
- (Mar Aire), bhí sé freagrach as cúrsaí craoltóireachta
- D'aontaigh sé go hiomlán le cuspóirí an Fheachtais Náisiúnta Teilifíse

(b) (i) Cén tábhacht a bhaineann le TG4 i saol na Gaeilge, dar leis an Uachtarán?  
Tabhair pointe **amháin** eolais. (Alt 3) (pointe **amháin** eolais) {2 mharc}

- Cothaíonn an stáisiún nasc idir na pobail scaipthe a labhraíonn an Ghaeilge = 2 mharc
- Tugann TG4 deis do gach duine a bhfuil Gaeilge aige a bheith páirteach i gcomhlúadar na teanga = 2 mharc

(ii) Cad atá riachtanach má tá an Ghaeilge le buanú, dar leis an Uachtarán? (Alt 3)  
(pointe **amháin** eolais) {2 mharc}

- Is den riachtanas é má tá an Ghaeilge le buanú, dar leis an Uachtarán, deis a bheith ag pobal na Gaeilge a n-íomhá féin a fheiceáil agus a nguth féin a chloisteáil ag trácht ina dteanga dhúchais féin ar gach ábhar atá tábhachtach ina saol = 2 mharc

4. (a) Luaigh **dhá** phointe eolais faoi na cláir nuachta a thaispeántar ar TG4. (Alt 4)  
(2 phointe eolais) {3 mharc: 2 mharc + 1 mharc}

An chéad phointe eolais atá ceart = 2 mharc; an dara phointe eolais atá ceart = 1 mharc

- Tá na cláir nuachta ar ardchaighdeán
- Déantar plé cuimsitheach iontu ar chúrsaí Gaeltachta
- Déantar plé cuimsitheach iontu ar chúrsaí náisiúnta
- Déantar plé cuimsitheach iontu ar chúrsaí idirnáisiúnta

(b) (i) Cén bhaint a bhí ag TG4 leis an bhfeachtas olltoghchánaíochta a bhí ar siúl sa bhliain 2011?  
(Alt 4) (pointe **amháin** eolais) {2 mharc}

- Ghlac ceannairí na mórpháirtithe polaitíochta páirt i ndíospóireacht trí Ghaeilge ar TG4  
= 2 mharc

(ii) Cén cuntas spéisiúil a thug Hector sa tsraith *Hector Central*, a craoladh an geimhreadh seo caite? (Alt 4) (pointe **amháin** eolais) {2 mharc}

- Thug Hector cuntas spéisiúil ar thuras a rinne sé trí Mheiriceá Láir, agus ar na daoine ar chas sé orthu ar an mbealach = 2 mharc

5. (a) Scríobh síos **dhá** bhua de chuid TG4 a mhol an tArd-Stiúrthóir nua, Alan Esslemont. (Alt 5) (2 bhua) {3 mharc: 2 mharc + 1 mharc}

An chéad bhua atá ceart = 2 mharc; an dara bua atá ceart = 1 mharc

- Mhol sé sceideal laethúil an stáisiúin atá ag freastal ar na daoine a bhfuil an Ghaeilge mar ghnáth-theanga labhartha acu
- Mhol sé sceideal laethúil an stáisiúin atá ag freastal ar na daoine nach bhfuil acu ach beagán Gaeilge
- Mhol sé foireann an stáisiúin as an leas a bhaineann siad as na teicneolaíochtaí digiteacha is déanaí chun na cláir a scaipeadh ar fud an domhain

(b) (i) Cén dúshlán is mó atá roimh TG4, dar leis an Ard-Stiúrthóir nua, Alan Esslemont? (Alt 5) (pointe **amháin** eolais) {2 mharc}

- A chinntiú go mbeidh maoiniú ceart ar fáil chun cláir a fhorbairt agus chun an tseirbhís chraolacháin a chur chun cinn = 2 mharc

(ii) Cén t-athrú a thiofadh ar mhodhanna oibre TG4 feasta? (Alt 5) (athrú **amháin**) {2 mharc}

- Ní dhéanfaidh an stáisiún féin an méid céanna clár feasta = 2 mharc

6. (a) Aimsigh sampla den bhriathar saor san Aimsir Láithreach in Alt 1 agus sampla de bhriathar san Aimsir Fháistineach in Alt 5. {3 mharc: 2 mharc + 1 mharc}

Tá **trí** mharc ag gabháil leis an gceist seo: tabharfar **dhá** mharc ar an gcéad mhír ghramadaí atá ceart agus marc **amháin** ar an gceann eile.

Sampla den bhriathar saor san Aimsir Láithreach in Alt 1: a thugtar  
Sampla de bhriathar san Aimsir Fháistineach in Alt 5: go mbeidh; beidh; ní dhéanfaidh; cuirfear; go gcuirfidh; a bheidh

(b) Bunaithe ar an eolas sa sliocht thuas, déan plé, **i d'fhocail féin**, ar **dhá** chúis ar scríobh an t-údar an sliocht seo. (Is leor **60** focal.) {6 mharc + 6 mharc}

**Dhá** chúis = 6 mharc + 6 mharc

Cúis 1 a lua = 2 mharc + Plé ar an gcúis (eolas cruinn as an sliocht mar thacú léi) = 4 mharc

Cúis 2 a lua = 2 mharc + Plé ar an gcúis (eolas cruinn as an sliocht mar thacú léi) = 4 mharc

**Treoir:**

Tá “bunaithe ar an eolas sa sliocht” agus “i d’fhocail féin” luaite sa cheist seo. Dá bharr sin ní mór do na hiarrthóirí an cheist a fhreagairt ina gcuid focal féin agus ní thabharfar creidiúint ar bith d’eolas nach bhfuil sa sliocht.

(Ní mór Ceist 6 (b) a fhreagairt i d’fhocail féin = an treoir ar leathanach 3 den scrúdpháipéar.)

**Samplaí:**

- Theastaigh ón údar tuairisc a thabhairt dúinn ar stáisiún TG4 - bunú, fás, tábhacht, todhchaí...
- Spreag an clár speisialta ar TG4 an t-údar chun an sliocht a scríobh...
- Spreagadh an t-údar chun an sliocht a scríobh mar bhí TG4 ag ceiliúradh 20 bliain ar an aer...
- Ba mhian leis an údar TG4 a mholadh as an méid atá bainte amach ag an stáisiún...
- A thaispeáint don léitheoir go bhfuil athrú ag teacht agus go mbeidh constaicí roimh an stáisiún...
- An bhaint a bhí ag an Uachtarán, Micheál D. Ó hUiginn, leis an stáisiún...

**Nóta:** Níl sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí thuasluaite uileghabhálach ná eisiach. Is samplaí de fhreagraí féideartha atá iontu; déanfaidh na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus bronnfar marcanna ar phointí ábhartha eolais eile a chuirfidh na hiarrthóirí i láthair de réir a bhfiúntais.

$$C(1) (2) + P1 (4) =$$

$$C(2) (2) + P2 (4) =$$

Ag bun Léamhthuiscint A, léirigh na marcanna mar seo:

$$C 1(A) (50) =$$

**LÉAMHTHUISCINT B (50 marc)****An Cogadh sa tSiria agus Géarchéim na nDídeanaithe**

1. (a) Luaigh **dhá** thoradh atá ar an gcogadh cathartha sa tSiria. (Alt 1)  
(2 thoradh) {**3 mharc: 2 mharc + 1 mharc**}

An chéad toradh atá ceart = 2 mharc; an dara toradh atá ceart = 1 mharc

- Tá na milliúin Siriach marbh de dheasca an chogaidh chathartha
- Tá beatha na gcéadta míle eile i mbaol laistigh den tír
- Tá níos mó ná cúig mhilliún duine tar éis teitheadh

- (b) (i) Cén íomhá sna meáin a tharraing aird an domhain ar uafás an chogaidh chathartha seo? (Alt 1)  
(pointe **amháin** eolais) {**2 mharc**}

- Íomhá a bhí ann de chorp Aylan Kurdi, buachaill óg Siriach trí bliana d’aois, ina luí marbh ar an trá sa Tuirc = 2 mharc
- Íomhá de bhuachaill óg Siriach ina luí marbh ar an trá sa Tuirc = 2 mharc

(ii) Cad a deir an t-údar faoi ghéarchéim na ndídeanaithe Siriacha? (Alt 1)  
(pointe **amháin** eolais) {2 mharc}

- Tá géarchéim na ndídeanaithe Siriacha ar cheann de na tubaistí daonna is measa = 2 mharc

2. (a) Tabhair **dhá** chúis ar thosaigh grúpaí éagsúla ag léirsiú in aghaidh Uachtarán na Siria, Bashar al-Assad, sa bhliain 2011. (Alt 2)  
(2 chúis) {3 mharc: 2 mharc + 1 mharc}

An chéad chúis atá ceart = 2 mharc; an dara cúis atá ceart = 1 mharc

- Bhí siad míshásta le réimeas ollsmachtach an Uachtaráin sa tír
- Theastaigh ó na grúpaí éagsúla an daonlathas a chur chun cinn sa tír
- Theastaigh ó na grúpaí éagsúla an tsoirse a chur chun cinn sa tír

(b) (i) Scríobh síos **dhá** rud a deir na Náisiúin Aontaithe faoi dhaoine ar gach taobh den aighneas sa tSiria. (Alt 2)  
(2 rud) {1 mharc + 1 mharc}

- Deir na Náisiúin Aontaithe go bhfuil daoine ar gach taobh den aighneas ag déanamh coireanna cogaidh **agus** ag sárú chearta an duine = 1 mharc + 1 mharc = 2 mharc

(ii) Tabhair pointe **amháin** eolais faoin tionchar atá ag an gcogaíocht chruálach ar phobal Aleppo. (Alt 2)  
(pointe **amháin** eolais) {2 mharc}

- Tá daoine á marú as éadan in aghaidh an lae sna ruathair mhíleata sa chathair = 2 mharc
- Tá céatadán an-mhór den phobal ruaigthe as a dtíthe = 2 mharc
- Níl teacht ag daoine ar bhia ná ar uisce = 2 mharc

3. (a) Luaigh **dhá** chonstaic a bhíonn le sárú ag na dídeanaithe agus iad ag iarraidh turas farraige a eagrú. (Alt 3)  
(2 chonstaic) {3 mharc: 2 mharc + 1 mharc}

An chéad chonstaic atá ceart = 2 mharc; an dara constaic atá ceart = 1 mharc

- Ní furasta bád oiriúnach a fháil chun iad a thabhairt trasna na farraige
- Íocann siad suimeanna móra airgid le smuigléirí a gheallann bád sábháilte dóibh ach is minic a bhuaitear bob orthu
- Ní bhíonn an bád acmhainneach ar muir agus téann sé go tóin poill dá bharr

(b) (i) Scríobh síos fadhb **amháin** a bhíonn ag na dídeanaithe ag na hionaid seiceála ar na teorainneacha idir na tíortha éagsúla. (Alt 3)  
(fadhb **amháin**) {2 mharc}

- Bíonn an baol ann i gcónaí go ndúnfar na hionaid seiceála ar na teorainneacha = 2 mharc
- Bíonn an baol ann nach nglacfar lena gcuid páipéarachais = 2 mharc
- Bíonn an baol ann nach ligfear dóibh dul ar aghaidh = 2 mharc

(ii) Tabhair pointe **amháin** eolais a léiríonn go bhfuil na cúinsí maireachtála go hainnis i gcampaí na ndídeanaithe. (Alt 3)  
(pointe **amháin** eolais) {2 mharc}

- Bíonn plód uafásach daoine iontu = 2 mharc
- Bíonn easpa mhór bia ann = 2 mharc
- Ní bhíonn cúrsaí sláintíochta mar is cuí = 2 mharc

4. (a) Cén turas éachtach a rinne Nujeen Mustafa go dtí an Ghearmáin? (Alt 4)

{3 mharc}

- D'éirigh léi turas éachtach a dhéanamh go dtí an Ghearmáin - turas 3,500 míle trasna naoi dtír éagsúla ina cathaoir rothaí in éineacht lena deirfiúr, Nasrine, a bhí ag brú a cathaoireach = 3 mharc

An t-éacht = turas ina cathaoir rothaí = 2 mharc agus cáiliú ar an turas... turas 3,500 míle **nó** turas trasna naoi dtír éagsúla **nó** turas dainséarach **nó** teorainneacha a thrasnú  
Turas ina cathaoir rothaí = 2 mharc

Pointe eolais cuí gan an chathaoir rothaí luaite = 1 mharc

(b) (i) Cén fáth nach bhfuair Nujeen oideachas foirmiúil sa tSiria? (Alt 4)

(pointe **amháin** eolais) {2 mharc}

- Ní raibh mórán áiseanna sna scoileanna ansin do dhaoine faoi mhíchumas = 2 mharc

(ii) Cén mana atá ag Nujeen? (Alt 4)

(pointe **amháin** eolais) {2 mharc}

- Gur cóir do dhuine troid ar son na rudaí is mian leis a bhaint amach sa saol = 2 mharc

5. (a) Luaigh **dhá** phointe eolais faoin nGorta Mór in Éirinn. (Alt 5)

(2 phointe eolais) {3 mharc: 2 mharc + 1 mharc}

An chéad phointe eolais atá ceart = 2 mharc; an dara phointe eolais atá ceart = 1 mharc

- Ní raibh cogaíocht ar siúl in Éirinn ag an am sin
- B'éigean do na mílte Éireannach teitheadh ón gcruatan
- B'éigean do na mílte Éireannach teitheadh ón mbochtaineacht
- D'imigh a lán acu go Meiriceá agus iad ag súil le saol níos fearr

(b) (i) Cén teachtaireacht faoi na dídeanaithe a bhí ag George Clooney ina óráid? (Alt 5)

(pointe **amháin** eolais) {2 mharc}

- Is daoine daonna iad na dídeanaithe = 2 mharc
- Is gnáthdhaoine iad ar ár nós féin = 2 mharc
- Ba cheart caitheamh go cothrom leis na dídeanaithe = 2 mharc
- Ba cheart a bheith cineálta leo = 2 mharc

(ii) Luaigh an aidhm atá le Lá Domhanda na nDídeanaithe. (Alt 5)

(pointe **amháin** eolais) {2 mharc}

- Chun coinsias daoine a mhúscailt chun gnímh ar mhaithe le dídeanaithe = 2 mharc

6. (a) Aimsigh sampla de bhriathar sa Mhodh Coinníollach in Alt 2 agus sampla d'ainmfhocal firinsneach sa tuiseal ginideach uatha in Alt 5. {3 mharc: 2 mharc + 1 mharc}
- Tá trí mharc ag gabháil leis an gceist seo: tabharfar dhá mharc ar an gcéad mhír ghramadaí atá ceart agus marc amháin ar an gceann eile.
- Briathar sa Mhodh Coinníollach in Alt 2: go dtiocfadh  
Sampla d'ainmfhocal firinsneach sa tuiseal ginideach uatha in Alt 5: aimsir an Ghorta; am an ghátair; chun gnímh
- (b) Conas a chuaigh an sliocht seo i bhfeidhm ort? Tabhair dhá phointe eolais i d'fhocail féin, as an sliocht, mar thacaíocht le do fhreagra. (Is leor 60 focal.) {2 mharc + 5 mharc + 5 mharc}

Tuairim a léiriú = 2 mharc  
Pointe eolais 1 = 5 mharc  
Pointe eolais 2 = 5 mharc

**Treoir:** Ní mór do na hiarrthóirí an cheist a fhreagairt ina gcuid focal féin agus ní thabharfar creidiúint ar bith d'eolas nach bhfuil sa sliocht.  
(Ní mór Ceist 6 (b) a fhreagairt i d'fhocail féin = an treoir ar leathanach 3 den scrúdpháipéar.)

**Samplaí:**

- Chuir sé mé ag machnamh ar uafás an chogaidh sa tSiria...
- Mhúscaíl sé mo spéis in ábhar na ndídeanaithe...
- Thug sé léargas dom ar an uafás atá i ndán do na dídeanaithe - an turas, na campaí dídeanaithe...
- Ardmheas agam ar Nujeen... a gaiscí dochreidte... laoch... cróga/dóchasach...
- Na codarsnachtaí idir cás na Siria agus Aimsir an Ghorta in Éirinn...
- Mar a chuaigh an teachtaireacht a bhí ag George Clooney i bhfeidhm orm...
- Mo chion féin a dhéanamh ar Lá Idirnáisiúnta na nDídeanaithe...

**Nóta:** Níl sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí thuasluaite uileghabhálach ná eisiach. Is samplaí de fhreagraí féideartha atá iontu; déanfaidh na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus bronnfar marcanna ar phointí ábhartha eolais eile a chuirfidh na hiarrthóirí i láthair de réir a bhfiúntais.

Tuairim = 2 mharc  
Pointe eolais 1 = 5 mharc  
Pointe eolais 2 = 5 mharc  
Ceist 6 (b) (12) =

Ag bun Léamhthuiscint B, léirigh na marcanna mar seo:

**C 1(B) (50) =**

Suimigh na hiomláin anois:

Ceist 1(A) (50) =  
Ceist 1(B) (50) =  
Iomlán (100) =

## Ceist 2 PRÓS (30 marc)

– PRÓS AINMNITHE nó PRÓS ROGHNACH – (30 marc)

**Nóta:** I gcás na gceisteanna 2 (Prós), 3 (Filíocht), agus 4 (Litríocht Bhreise) beidh 5 mharc le bronnadh i ngach cás ar chaighdeán na Gaeilge. Sa Phrós mar sin 25 ar Eolas agus 5 ar Ghaeilge; san Fhilíocht 25 ar Eolas agus 5 ar Ghaeilge; sa Litríocht Bhreise 35 ar Eolas agus 5 ar Ghaeilge.

Freagair Ceist 2A (Prós Ainmnithe) *nó* Ceist 2B (Prós Roghnach) thíos.

### 2A. Prós Ainmnithe

Freagair an cheist thíos faoin ngiota as an úrscéal *Hurlamaboc*.

“Is bean í Lisín atá i gceannas ar a saol féin, ar a teaghlach agus ar a teach.”

Déan plé ar an ráiteas sin.

**Eolas = 25 marc**

**Treoir:** Luaitear trí ghné a bhaineann le saol Lisín sa ráiteas - Lisín agus í i gceannas ar a saol féin, ar a teaghlach agus ar a teach. Tá plé ar na trí ghné sin ag teastáil sa fhreagra.

**Nóta:** Caithfidh an Scrúdaitheoir an marc as 25 (Eolas) agus as 5 (Gaeilge) a thaispeáint go soiléir sa fhreagarleabhar.

Eolas (25) =

Gaeilge (5) =

### 2B. Prós Roghnach

**Níl cead aon ábhar a bhaineann le Prós Ainmnithe a úsáid i bhfreagra ar an bPrós Roghnach.**

Maidir leis an ngiota as an **úrscéal roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, ainmnigh an príomhcharachtar (an phríomhphearsa) sa ghiota. Déan plé ar an bpáirt atá ag an bpríomhcharachtar (ag an bpríomhphearsa) sin sa ghiota.

**Eolas = 25 marc**

*Ní mór teideal an úrscéil sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go cruinn.*

**Treoir:** An príomhcharachtar (an phríomhphearsa) a ainmniú agus plé cuimsitheach a dhéanamh ar an bpáirt atá aige/aici sa ghiota.

**Nóta:** Caithfidh an Scrúdaitheoir an marc as 25 (Eolas) agus as 5 (Gaeilge) a thaispeáint go soiléir sa fhreagarleabhar.

Eolas (25) =

Gaeilge (5) =



### Ceist 3 *FILÍOCHT (30 marc)*

– <b>FILÍOCHT AINMNITHE nó FILÍOCHT ROGHNACH</b> – (30 marc)
--

Freagair Ceist 3A (Filíocht Ainmnithe) *nó* Ceist 3B (Filíocht Roghnach) thíos.

#### 3A. Filíocht Ainmnithe

- (i) “Úsáideann an file codarsnacht shoiléir chun **dhá** phictiúr (íomhá) den ainmhí a chur os ár gcomhair sa dán *Géibheann*.” É sin a phlé. **Eolas = 13 mharc**

**Treoir:** Ní mór don iarrthóir **dhá** (phictiúr) íomhá den ainmhí a roghnú agus plé a dhéanamh ar an gcodarsnacht shoiléir idir na pictiúir/na híomhánna den ainmhí mar a chuirtear iad os ár gcomhair sa dán.

- (ii) Conas a chuaigh an dán seo i bhfeidhm ort? (Is leor pointe **amháin** eolais as an dán mar thacaíocht le do fhreagra.) **Eolas = 5 mharc**

Mar a chuaigh an dán seo i bhfeidhm ort = **1 mharc**  
Pointe **amháin** eolais = **4 mharc**

**Treoir:** **Mar a chuaigh an dán seo i bhfeidhm ort:** tuairim phearsanta an iarrthóra atá á lorg sa mhír seo: thaitin/níor thaitin an dán liom...mhúscail an dán fearg/trua ionam...bhí bá agam leis an ainmhí/bhí trua agam don ainmhí...

**Mar phointe eolais,** ní mór don iarrthóir míniú a thabhairt ar an tuairim sin i gcomhthéacs an dáin.

- (iii) Cé a chum an dán seo? Scríobh nóta gairid ar shaol **agus** ar shaothar an fhile seo.

**Eolas = 7 marc**

Ainm an fhile = Caitlín Maude = **1 mharc**  
Saol an fhile **agus** saothar an fhile = **6 mharc**

**Trí** phointe eolais ag teastáil anseo: **2 mharc** an ceann ar thrí phointe eolais.

(**Dhá** cheann ar shaol agus **ceann** ar shaothar an fhile *nó dhá* cheann ar shaothar agus **ceann** ar shaol an fhile.)

Saol agus saothar an fhile = **2 mharc** + **2 mharc** + **2 mharc** = **6 mharc**

**Nóta:** Má bhíonn ainm an fhile mícheart, bronn 0 ar an mír ar fad.

**Nóta:** Caithfidh an Scrúdaitheoir an marc as 25 (Eolas) **agus** as 5 (Gaeilge) a thaispeáint go soiléir sa fhreagarleabhar.

Eolas (25) =

Gaeilge (5) =

### 3B. Filíocht Roghnach

Níl cead aon ábhar a bhaineann le Filíocht Ainmnithe a úsáid i bhfreagra ar an bhFilíocht Roghnach.

- (i) Maidir le **dán nua-aimseartha rognach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, cén príomhthéama atá sa dán, dar leat?  
Déan plé ar an gcaoi a gcuirtear an príomhthéama sin os ár gcomhair sa dán.

**Eolas = 13 mharc**

Príomhthéama = **2** mharc

Plé ar an gcaoi a gcuirtear an príomhthéama sin os ár gcomhair sa dán = **11** mharc

- (ii) Conas a chuaigh an dán seo i bhfeidhm ort? (Is leor pointe **amháin** eolais as an dán mar thacaíocht le do fhreagra.)

**Eolas = 5 mharc**

Mar a chuaigh an dán seo i bhfeidhm ort = **1** mharc

Pointe **amháin** eolais = **4** mharc

**Treoir: Mar a chuaigh an dán seo i bhfeidhm ort:** tuairim phearsanta an iarrthóra atá á lorg sa mhír seo... thaitin/níor thaitin an dán liom... mhúscail an dán...

**Mar phointe eolais**, ní mór don iarrthóir míniú a thabhairt ar an tuairim sin i gcomhthéacs an dáin.

- (iii) Cé a chum an dán seo? Scríobh nóta gairid ar shaol **agus** ar shaothar an fhile seo.

**Eolas = 7 marc**

Ainm an fhile = **1** mharc

Saol an fhile **agus** saothar an fhile = **6** mharc

**Trí** pointe eolais ag teastáil anseo: **2** mharc an ceann ar thrí pointe eolais.

(**Dhá** cheann ar shaol agus **ceann** ar shaothar an fhile **nó dhá** cheann ar shaothar agus **ceann** ar shaol an fhile.)

Saol agus saothar an fhile = **2** mharc + **2** mharc + **2** mharc = **6** mharc

**Nóta:** Má bhíonn ainm an fhile mícheart, bronn 0 ar an mír ar fad.

**Nóta:** Caithfidh an Scrúdaitheoir an marc as 25 (Eolas) **agus** as 5 (Gaeilge) a thaispeáint go soiléir sa fhreagarleabhar.

Eolas (25) =

Gaeilge (5) =

## Ceist 4 LITRÍOCHT BHREISE (40 marc)

### - LITRÍOCHT BHREISE - (40 marc)

Freagair do rogha ceann **amháin** as Ceist 4 (A, B, C, D, E nó F) thíos.

#### Ceist 4A - 4E:

##### Treoracha:

Iarrtar ar na hiarrthóirí plé a dhéanamh ar an ráiteas agus eolas / tuairimí a léiriú sa fhreagra agus úsáid a bhaint as samplaí cruinne, téagartha ón téacs. Déantar an freagra a mheas mar aonad agus an t-eolas a mharcáil as 35 marc agus an Ghaeilge san iarracht a mheas as 5 mharc.

Ní mór don scrúdaitheoir an mionbhriseadh marcanna seo a léiriú sa fhreagarleabhar.

Eolas (35) =

Gaeilge (5) =

#### 4A. An Triail

“Léirítear Pádraig Mac Cárthaigh mar fhear atá bréagach agus mícharthanach sa dráma *An Triail*.”  
Déan plé ar an ráiteas sin.

**Treoir:** An ráiteas a phlé agus samplaí cruinne, téagartha ón dráma a úsáid mar thacú leis an bplé...

#### 4B. A Thig Ná Tit Orm

Déan plé ar an **dá** thréith is mó, dar leat, a bhaineann le Maidhc Dainín mar a léirítear iad sa dírbheathaisnéis *A Thig Ná Tit Orm*.

**Dhá thréith** luaite agus pléite... Blocmharcáil as 35 marc

**Tréith amháin** luaite agus pléite, tá an freagra easnamhach. Déan an freagra a mharcáil mar seo a leanas:

Eolas (35-10) (25) =

Gaeilge (5) =

**Samplaí:** Féith an ghrinn ann... ceolmhar... spórtúil... bua na cuimhne aige... bua na scéalaíochta aige... dílseacht... rógaire... neamhspleáchas...

#### 4C. Tóraíocht Dhiarmada agus Ghráinne

“Is laoch cróga dílis é Diarmaid mar a léirítear sa *Tóraíocht* é.”  
Déan plé ar an ráiteas sin.

**Treoir:** Plé cuimsitheach a dhéanamh ar chrógacht agus ar dhílseacht Dhiarmada mar a léirítear iad sna heachtraí a tharlaíonn sa leabhar...

#### 4D. Gafa

“Tá léiriú éifeachtach ar an gcaidreamh idir Eoin agus a thuismitheoirí, Eithne agus Breandán, sa sliocht as an úrscéal *Gafa*.”  
Déan plé ar an ráiteas sin.

**Treoir:** Plé cuimsitheach a dhéanamh ar an gcaidreamh idir Eoin agus a thuismitheoirí, Eithne agus Breandán i bhfianaise na n-imeachtaí san úrscéal...

#### 4E. Canary Wharf

“Sa scéal *Cosaint Sonraí*, tá tionchar mór ag iompar Leanóra agus ag cás mhuintir Hilliard ar Ghráinne.”  
Déan plé ar an ráiteas sin.

**Treoir:** Plé cuimsitheach a dhéanamh ar thionchar iompar Leanóra agus ar thionchar chás Mhuintir Hilliard ar Ghráinne sa scéal...

#### 4F. Dánta Breise – Éiceolaí

Freagair (i), (ii) agus (iii) thíos.

- (i) “Baineann an file úsáid as an gcodarsnacht chun príomhthéama an dáin a chur os ár gcomhair sa dán *Éiceolaí*.” Déan plé ar an ráiteas sin. **Eolas = 19 marc**  
Príomhthéama an dáin a lua = 2 mharc  
Léiriú ar an gcodarsnacht = 17 marc

**Príomhthéama(i) an dáin:** An dúlra agus an nádúr timpeall orainn...cúrsaí timpeallachta (cúrsaí comhshaoil) agus cúram na timpeallachta...tuairimí agus cur chuige difriúil ag beirt bhan i leith an tsaoil ina maireann siad nó an saol nádúrtha gan srian i gcodarsnacht le saol ina bhfuil béim ar smacht ollmhór nó cumhacht iomlán...codarsnacht ghéar láidir idir dearcadh an fhile agus dearcadh na mná béal dorais ar chúrsaí timpeallachta agus ar an dúlra...

**An chodarsnacht:** Grá mór ag an bhfile don dúlra ach ina tuairim féin níl an grá céanna ag an mbean béal dorais don nádúr...an file ag cáineadh agus ag aoradh na mná béal dorais...ceapann an file gur éiceolaí den scoth í atá ag gníomhú go laethúil ar son na timpeallachta nádúrtha...ach tá a mhalairt de thuairim ag an mbean béal dorais...is aoibhinn leis an gcomharsa smacht a choimeád ar a teach féin, ar a fear, ar a mac agus ar a timpeallacht féin ach ceapann an file go bhfuil an dearcadh seo cúngaigeanta...is breá leis an mbean béal dorais a bheith i gceannas ar chúrsaí a saoil féin...ní réitíonn sí le tuairimí na mná seo a chónaíonn taobh léi...ba bhreá leis an bhfile deireadh a chur le néatacht agus le foirfeacht a comharsan agus le hiarrachtaí a comharsan an nádúr a smachtú...

- (ii) Cad é an mothúchán is mó atá sa dán seo, dar leat? Is leor **dhá** phointe eolais faoin mothúchán sin.  
Bíodh tagairtí cruinne agat do théacs an dáin i do fhreagra. **Eolas = 8 marc**  
An mothúchán a ainmniú = 2 mharc  
Pointe Eolais 1 = 3 mharc  
Pointe Eolais 2 = 3 mharc

#### Samplaí:

**Grá don dúlra / nádúr:** Grá mór ag Bidy Jenkinson don nádúr...níl sé ar intinn aici aon bhac a chur leis an bhfás...Is aoibhinn léi an timpeallacht agus tugann sí saoirse don dúlra bheith ag fás...maidir leis an mbean béal dorais, tá grá mór aici don nádúr chomh maith agus déanann sí a dícheall a timpeallacht féin a choimeád glan néata foirfe...

**Easpa measa / Dímhéas / Drochmhéas / Fuath / Searbhas:** Níl meas ar bith ag an bhfile ar obair a comharsan... tá plean gránna mailíseach aici cur isteach ar an bhfoirfeacht a fheictear sa ghairdín taobh léi... ní thuigeann sí an tsuim ollmhór atá ag an mbean béal dorais sa nádúr agus smacht a choinneáil ar a ghairdín... is fuath léi iarrachtaí a comharsan agus an néatacht sa ghairdín in aice léi... teastaíonn uaithi an ghairdín in aice léi a scriosadh... ní thabharfaidh sí seans ar bith don bhean béal dorais a ghairdín a choimeád glan, néata, slachtmhar...

(iii) A bhfuil i gceist leis na línte seo a mhíniú:

Tá bean béal dorais a choinneodh a ghairdín faoi smacht ach ní fada go mbainfimid deireadh dúil dá misneach.

**Míniú = 8 marc**

**Sampla:** Tá bean a chónaíonn in aice liom agus ba bhreá léi a ghairdín a choimeád néata agus faoi smacht ach is garr go gcuirfimid stop léi... ní thabharfaimid seans ar bith di an ghairdín a choimeád glan/néata... cuirfidh an file isteach go mór ar an gcomharsa... bainfidh sí an fuinneamh agus an teasrach di...

Ní mór don Scrúdaitheoir an marc ar Eolas as 35 marc mar aon le marc ar Ghaeilge as 5 mharc a thaispeáint sa fhreagarleabhar.

Eolas (35) =

Gaeilge (5) =

## Grádú Marcála sna Freagraí

<b>Catagóir</b>	<b>200</b>	<b>160</b>	<b>100</b>	<b>68</b>	<b>60</b>	<b>56</b>	<b>44</b>	<b>40</b>	<b>35</b>	<b>30</b>	<b>25</b>	<b>22</b>	<b>19</b>	<b>18</b>
<b>Sármhaith</b>	170	136	85	58	51	48	38	34	30	26	22	19	17	16
<b>An-mhaith</b>	140	112	70	48	42	40	31	28	25	21	18	16	14	13
<b>Maith</b>	110	88	55	38	33	31	25	22	20	17	14	13	11	10
<b>Measartha</b>	80	64	40	28	24	23	18	16	14	12	10	9	8	8
<b>Catagóir</b>	<b>17</b>	<b>16</b>	<b>14</b>	<b>13</b>	<b>12</b>	<b>11</b>	<b>10</b>	<b>9</b>	<b>8</b>	<b>7</b>	<b>6</b>	<b>5</b>		
<b>Sármhaith</b>	15	14	12	12	11	10	9	8	7	6	6	5		
<b>An-mhaith</b>	12	12	10	10	9	8	7	7	6	5	5	4		
<b>Maith</b>	10	9	8	8	7	7	6	5	5	4	4	3		
<b>Measartha</b>	7	7	6	6	5	5	4	4	4	3	3	2		

## Socruithe Réasúnta agus Scéim Mharcála Mhodhnaithe

Cuirtear **Scéim Mharcála Mhodhnaithe (SMM)** i bhfeidhm ar an obair a chuireann iarrthóirí isteach ar deonaíodh ceann amháin nó níos mó de na socruithe seo a leanas dóibh:

- Úsáid téipthaifeadáin
- Úsáid próiseálaí focal
- Úsáid scríobhaí
- Tarscaoileadh maidir le litriú agus gnéithe áirithe den ghramadach

Nuair a dheonaítear an Scéim Mharcála Mhodhnaithe d'iarrthóir ar bith, beidh a (h)uimhir scrúduithe luaithe ar na leatháin mharcála agus réiltín (\*) taobh leis an scrúduimhir.

Déantar **an t-ábhar** sna freagraí ar fad a mheasúnú de réir na gnáthscéime marcála.

Déantar **measúnú ar Chruinneas Gaeilge** na n-iarrthóirí sin a mbaineann an Scéim Mharcála Mhodhnaithe leo as a máistreacht ar chruinnúsáid ghnéithe ainmnithe den ghramadach. Ní chuirtear botúin litrithe san áireamh.

### Litriú:

Ní chuirtear litriú san áireamh agus measánú á dhéanamh ar chaighdeán Gaeilge an iarrthóra. I gcás earráidí litrithe, ní chuirfeadh línte dearga faoi dhrochlitriú in aon áit sa script - Cluastuisicint, Ceapadóireacht, Léamhthuisicint ná sna freagraí litríochta.

### Cruinneas na Gaeilge:

Maidir le **Gaeilge**, gearrfar pionós ar **bhotúin mhóra chomhréire** a chuireann struchtúr na teanga as riocht. Caithfeadh na gnéithe ainmnithe seo a leanas a chur san áireamh agus marc á bhronnadh ar an iarracht: Comhréir chruinn, Cruinnúsáid na Copaile; Cruinnúsáid aimsirí na mbriathra; Cruinnúsáid na réamhfhocal...

Ní chuirtear na gnéithe seo a leanas den ghramadach san áireamh agus measánú á dhéanamh ar chaighdeán Gaeilge an iarrthóra: úsáid an úraithe; úsáid an tséimhithe; aontú ainmfhocal is aidiachtaí...

Cuirtear **An Scéim Mharcála Mhodhnaithe (SMM)** i bhfeidhm sa mheasúnú ar Ghaeilge sna ranna seo a leanas:

- An Chluastuisicint: Gaeilge (0 - 3 mharc)
- Páipéar 1: An Cheapadóireacht – An Cumas Gaeilge (80 marc)
- Páipéar 2: Ceist 2: Prós Ainmnithe / Roghnach – An Ghaeilge (5 mharc)
- Páipéar 2: Ceist 3: Filíocht Ainmnithe / Roghnach – An Ghaeilge (5 mharc)
- Páipéar 2: Ceist 4: Litríocht Bhreise – An Ghaeilge (5 mharc)

Ní mór don scrúdaitheoir **“SMM i bhfeidhm-scrúd.”** a scríobh ar chlúdaigh na bhfreagarleabhar nuair a chuirtear an Scéim Mharcála Mhodhnaithe i bhfeidhm.

